Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Iúil 2016
(OR. fr)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2015/0096 (COD)**

10849/16
ADD 1

CODEC 1010
PECHE 260

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréachtrialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 302/2009 ón gComhairle<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh (**GR + R**)<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Tá imní ar an gCoimisiún go mbeidh sé deacair bearta a dhéanfaidh ICCAT lena n-athbhreithneofar scéim rialúcháin na heagraíochta sin nó lena dtabharfar an scéim sin cothrom le dáta, go mbeidh sé deacair na bearta sin a chur chun feidhme go tráthúil i ndlí an Aontais Eorpaigh mar go bhfuil na cumhachtaí a tharmlig na comhreachtóirí chuige teoranta.

Dá bhrí sin, dearbhaíonn an Coimisiún go measann sé go bhfuil an Rialachán sin gan dochar d'aon seasamh de chuid na hinstitiúide amach anseo i dtaca le dul ar iontaoibh Airteagal 290 agus Airteagal 291 CFAE chun bearta a bhaineann leis an Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh a thrasuí.

Lena chois sin, forchoimeádann an Coimisiún an ceart leasuithe a mholadh ar an Rialachán lena méadófaí an líon beart ba cheart a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme, i gcás ina mbeadh moilleanna ann mar thoradh ar thrasuí tríd an ngnáthnós imeachta reachtach a chuirfeadh i mbaol cumas an Aontais Eorpaigh a oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh.